



# **SEANAD ÉIREANN**

*Dé Céadaoin, 8 Bealtaine, 2019*  
*Wednesday, 8th May, 2019*

---

**RIAR NA hOIBRE**  
**ORDER PAPER**



*Dé Céadaoin, 8 Bealtaine, 2019*  
*Wednesday, 8th May, 2019*

2.30 p.m.

---

RIAR NA hOIBRE  
*Order Paper*

---

GNÓ POIBLÍ  
*Public Business*

---

*Tairiscint:*  
*Motion:*

1. “Go ndéanfar, i ndáil le horduithe an 4 Iúil, 2018 agus an 29 Eanáir, an 28 Feabhra agus an 14 Márta 2019 ón Seanad, lena mbunaítear agus lena leasaítear orduithe tagartha an Choiste Speisialta um Ghníomhú ar son na hAeráide, na horduithe tagartha a leasú leis seo –

(a) trí na fomhíreanna seo a leanas a chur in ionad fhomhíreanna (i) go (v), go huile, de mhír (a):

‘(i) i bhfianaise mholtaí an Chomhchoiste um Ghníomhú ar son na hAeráide atá ina thuarascáil dar teideal “An tAthrú Aeráide: Comhdhearcadh Traspháirtí ar son Gníomhú”, a leagadh faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais an 29 Márta, 2019:

(I) tar éis dó a thuilleadh a chloisteáil ó shaineolaithe, agus treoir a fháil ón gcomhairliúchán poiblí agus ón athbhreithniú ar bhochtaineacht breosla a moladh i gCaidbil 6 de thuarascáil an Choiste, tuarascáil a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

That, in relation to the orders of the Seanad of 4<sup>th</sup> July, 2018 and 29<sup>th</sup> January, 28<sup>th</sup> February and 14<sup>th</sup> March, 2019, establishing and amending the orders of reference of the Special Committee on Climate Action, the orders of reference are hereby amended –

(a) by the substitution of the following subparagraphs for subparagraphs (i) to (v) inclusive of paragraph (a):

‘(i) in view of the recommendations of the Joint Committee on Climate Action contained in its report entitled “Climate Change: A Cross-Party Consensus for Action”, laid before both Houses of the Oireachtas on 29th March, 2019:

(I) having heard more from experts, and having been informed by the public consultation and the review of fuel poverty recommended in Chapter 6 of the Committee’s report, report on:

- |   |   |
|---|---|
| <p>(A) an tslí is fearr agus is trédhearcaí chun na fáiltais bhreise as an gcáin charbóin a úsáid, agus</p> <p>(B) an raon beart eile nach mór don Rialtas a thabhairt isteach chun a chumasú dóibh seo is mó a n-imreoidh an méadú cánach tionchar orthu cúiteamh a fháil go díreach (tríd an liúntas breosla, mar shampla), agus/nó a bheith ábalta ar thairbhe a bhaint as bearta gníomhaithe ar son na haeráide atá á gcistiú ag an Stát (ar nós iarfheistiú); agus</p> <p>(II) bearta leantacha a dhéanamh i leith an dul chun cinn atá déanta maidir leis na moltaí atá sa tuarascáil a chur i ngníomh, lena n-áirítear leasú a dhéanamh ar reachtaíocht láithreach um ghníomhú ar son na haeráide, agus/nó reachtaíocht nua um ghníomhú ar son na haeráide a fhorbairt;</p> <p>(ii) rannchuidiú le forbairt Dréachtphlean Náisiúnta um Fhuinneamh agus um an Aeráid de chuid na hÉireann 2021-2030, i gcomhthéacs an Rialacháin maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh (COM 2016/759);</p> <p>(iii) athbhreithniú a dhéanamh ar na moltaí sa Phlean Uile Rialtais maidir le Bristeach Aeráide, atá le teacht amach i mí Bealtaine 2019;</p> | <p>(A) the optimal and most transparent way of using the increased proceeds from the carbon tax, and</p> <p>(B) the range of other measures that need to be introduced by the Government to enable those most impacted by the increase in tax either to be directly compensated (through, for example, the fuel allowance), and/or to be able to benefit from State-funded climate action measures (such as retrofitting); and</p> <p>(II) follow up on progress made implementing the recommendations contained in the report, including the amendment of existing climate action legislation, and/or the development of new climate action legislation;</p> <p>(ii) contribute to the development of Ireland's draft National Energy and Climate Plan 2021-2030, in the context of the Regulation on the Governance of the Energy Union (COM 2016/759);</p> <p>(iii) review the proposals in the All of Government Plan on Climate Disruption, due in May 2019;</p> |
|---|---|

- |   |  |
|---|--|
| <p>(iv) leanúint de bhreithniú a dhéanamh ar na moltaí atá sa doiciméad dar teideal “An Tríú Tuarascáil agus na Moltaí ón Tionól Saoránach: Conas is féidir leis an Stát a chinntiú go mbeidh Éire ar thús cadhnaíochta maidir le dul i ngleic leis an Athrú Aeráide”, agus plé a dhéanamh le ranna Rialtais maidir lena ngíomhaíochtaí aeráide;</p>  | <p>(iv) continue to consider the recommendations contained in the document entitled “Third Report and Recommendations of the Citizens’ Assembly: How the State can make Ireland a Leader in tackling Climate Change”, and engage with Government departments on their climate actions;</p>   |
| <p>(v) measúnú ginearálta a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil cúrsaí i ndáil leis na pleananna earnála oiriúnaithe (mar a cheanglaítear faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015 agus mar a leagtar amach faoin gcreat náisiúnta oiriúnaithe) de chuid ranna Rialtais iomchuí, agus, sa chomhthéacs seo, chun plé a dhéanamh le hArd-Rúnaithe na ranna sin ar bhearta oiriúnaithe beartaithe a bheidh le cur san áireamh sna pleananna sin, agus an Plean Forbartha Náisiúnta á chur i gcuntas;</p> | <p>(v) generally assess the state of play in relation to the sectoral adaptation plans (as required under the Climate Action and Low Carbon Development Act 2015 and as set out under the national adaptation framework) of relevant Government departments, and, in this context, engage with the Secretaries General of those departments in relation to the proposed adaptation measures to be included in such plans, taking into account the National Development Plan;</p> |
| <p>(vi) scrúdú a dhéanamh ar cibé tuarascálacha arna bhfoilsiú ag an bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, lena n-áirítear a Thuarascáil Speisialta maidir le hAthrú Aeráide agus Talamh, a bheidh le foilsiú i mí Lúnasa 2019;</p>   | <p>(vi) examine such reports as are published by the Intergovernmental Panel on Climate Change, including its Special Report on Climate Change and Land, due for publication in August 2019;</p>   |
| <p>(vii) scrúdú a dhéanamh ar Athbhreithniú Bliantúil na Comhairle Comhairlí um Athrú Aeráide, 2019 agus plé a dhéanamh le páirtithe leasmhara iomchuí maidir leis; agus</p>  | <p>(vii) examine the 2019 Annual Review of the Climate Change Advisory Council and engage with relevant stakeholders thereon; and</p>  |
| <p>(viii) breithniú a dhéanamh ar cibé nithe gaolmhara eile, agus plé a dhéanamh le cibé páirtithe leasmhara iomchuí eile, is cuí</p>   | <p>(viii) consider such other related matters, and engage with such other relevant stakeholders, as the Committee sees fit;’; and</p>  |

leis an gCoiste;’; agus

(b) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (f):

‘(f) go dtabharfaidh an Comhchoiste tuarascáil ar a thátail agus a mholtaí ar na nithe atá i bhfomhíreanna (A) agus (B) d’fhomhír (i)(I) roimh an 30 Meán Fómhair 2019.’.

(b) by the substitution of the following paragraph for paragraph (f):

‘(f) the Joint Committee shall report its conclusions and recommendations on the matters contained in subparagraphs (A) and (B) of subparagraph (i)(I) prior to 30<sup>th</sup> September, 2019.’.

– *Senator Jerry Buttimer.*  
[3<sup>rd</sup> May, 2019]

*Tairiscint:*

*Motion:*

2. “D’ainneoin aon ní sna Buan-Orduithe, go bhféadfaidh trí Chomhchoiste nó níos mó, de réir a n-orduithe tagartha, comhchruinniú nó comhchruinnithe a thionól i Seomra an tSeanaid d’fhonn na dúshláin bheartais atá faoin Aontas Eorpach a phlé ar ócáid Lá na hEorpa, 2019, Déardaoin, an 9 Bealtaine 2019: Ar choinníoll gur 10 is córam don chomhchruinniú, agus ar choinníoll thairis sin go bhféadfaidh Cathaoirleach an Chomhchoiste iomchuí gníomhú mar Chathaoirleach chun críocha an chruinnithe sin, nó chun críocha an chuid sin de atá ábhartha i leith chúram a Choiste nó a Coiste.

That, notwithstanding anything in Standing Orders, three or more Joint Committees, in accordance with their orders of reference, may hold a joint meeting or meetings in the Seanad Chamber for the purpose of engagement on policy challenges for the European Union on the occasion of Europe Day 2019 on Thursday, 9<sup>th</sup> May, 2019: Provided that the quorum for the joint meeting shall be 10, and provided further that the Chairperson of the relevant Joint Committee may act as Chairperson for the purposes of the meeting, or the portion thereof relevant to his or her Committee’s remit.”

– *Senator Jerry Buttimer.*  
[2<sup>nd</sup> May, 2019]

*Tairiscint:*

*Motion:*

3. “D’ainneoin aon ní sna Buan-Orduithe i dtaobh Gnó Phoiblí:

That, notwithstanding anything in the Standing Orders relative to Public Business:

(1) Go dtiocfaidh an Seanad le chéile ar 1.30 p.m. Déardaoin, an 9 Bealtaine 2019 agus go mbeidh feidhm ag na socruithe seo a leanas:

(1) The Seanad shall meet at 1.30 p.m. on Thursday, 9<sup>th</sup> May, 2019 and the following arrangements shall apply:

(a) beidh Buan-Ordú 29 agus Buan-Ordú 30 arna gcur ar fionraí;

(a) Standing Orders 29 and 30 shall stand suspended;

(b) ní bheidh aon Ord Gnó ann;

(b) there shall be no Order of

- (c) ní thógfar de ghnó ach an ítim atá leagtha amach sa Sceideal a ghabhann leis an mír seo agus, dá réir sin, ní thógfar aon ghnó eile mura n-ordóidh an Seanad a mhalairt ar thairiscint arna déanamh ag Treoraí an Tí nó ag cibé Seanadóir eile a údaróidh sé chuige sin.

### An Sceideal

*An Bille fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, 2017 [Dáil] – Céim an Choiste (atógáil).*

Déanfar na himeachtaí ar Chéim an Choiste den Bhille fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, 2017 [Dáil] a thógáil i dtosach gnó phoiblí agus déanfar, mura mbeidh siad críochnaithe roimhe sin, iad a chur ar athló ar 3.30 p.m.

- (2) Go rachaidh an Seanad, ar éirí dó Déardaoin, an 9 Bealtaine 2019 ar athló go dtí 2.30 p.m. Dé Máirt, an 14 Bealtaine 2019.

Business;

- (c) the business to be taken shall be confined to the item set out in the Schedule to this paragraph and, accordingly, no other business shall be taken unless the Seanad shall otherwise order on motion made by the Leader of the House or such other Senator as he may authorise in that behalf.

### Schedule

*Judicial Appointments Commission Bill 2017 [Dáil] – Committee Stage (resumed).*

The proceedings on the Committee Stage of the Judicial Appointments Commission Bill 2017 [Dáil] shall be taken at the commencement of public business and shall, if not previously concluded, be adjourned at 3.30 p.m.

- (2) The Seanad on its rising on Thursday, 9<sup>th</sup> May, 2019, shall adjourn until 2.30 p.m. on Tuesday, 14<sup>th</sup> May, 2019.”

– *Senator Jerry Buttimer.*  
[2<sup>nd</sup> May, 2019]

- 
4. (l) An Bille um Shaoire do Thuismitheoirí (Leasú), 2017 [Dáil] – An Tuarascáil.  
(a) Parental Leave (Amendment) Bill 2017 [Dáil] – Report Stage.

- 
5. (l) An Bille um Fhiadhúlra (Leasú), 2016 [Dáil] – An Coiste (*leasú 17, atógáil*).  
(a) Wildlife (Amendment) Bill 2016 [Dáil] – Committee (*amendment 17, resumed*).

- 
6. An Bille um Shaoroideachas (Toirmeasc ar Tháillí agus ar Mhuirir), 2018 – An Dara Céim.  
Free Education (Prohibition of Fees and Charges) Bill 2018 – Second Stage.

– *Senators Aodhán Ó Ríordáin, Ivana Bacik, Kevin Humphreys, Gerald Nash.*

- 
7. (l) An Bille fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, 2017 [Dáil] – An Coiste (*alt 48, atógáil*).

(a) Judicial Appointments Commission Bill 2017 [Dáil] – Committee (*section 48, resumed*).

---

8. An Bille Uchtála (Faisnéis agus Lorgaireacht), 2016 – An Coiste.  
Adoption (Information and Tracing) Bill 2016 – Committee.
- 
9. An Bille um Chearrbhachas agus Crannchuir (Leasú), 2019 – An Coiste.  
Gaming and Lotteries (Amendment) Bill 2019 – Committee.
- 
10. An Bille um Chlárú Sibhialta, 2019 [*Dáil*] – An Coiste.  
Civil Registration Bill 2019 [*Dáil*] – Committee Stage.
- 
11. An Bille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú), 2018 – An Tuarascáil.  
Qualifications and Quality Assurance (Education and Training) (Amendment) Bill 2018 – Report Stage.
- 
12. An Bille um Chomhairle na mBreithiúna, 2017 – An Tuarascáil.  
Judicial Council Bill 2017 – Report Stage.
- 
13. An Bille um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2018 [*Bille Seanaid arna leasú ag an Dáil*] – An Tuarascáil.  
Health Service Executive (Governance) Bill 2018 [*Seanad Bill amended by the Dáil*] – Report Stage.
- 
14. (l) An Bille um Chóipcheart agus Forálacha Eile de chuid an Dlí Maoine Intleachtúla, 2018 [*Dáil*] – An Tuarascáil.  
(a) Copyright and Other Intellectual Property Law Provisions Bill 2018 [*Dáil*] – Report Stage.
- 
15. Ráitis maidir le Cumarsáid, le Gníomhú ar son na hAeráide agus leis an gComhshaol (*atógáil*).  
Statements on Communications, Climate Action and the Environment (*resumed*).
- 
16. Ráiteas ón Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil maidir leis an Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015 (*atógáil*).  
Statement by the Minister for Communications, Climate Action and the Environment on the Climate Action and Low Carbon Development Act 2015 (*resumed*).
- 
17. Ráitis maidir le Tuarascáil an Bhinse um Nochtaí Cosanta (*atógáil*).  
Statements on the Disclosures Tribunal Report (*resumed*).
- 
18. An Bille um an Rosc Náisiúnta (Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara a Chosaint) (Leasú) (Uimh. 2), 2016 – An Dara Céim.  
National Anthem (Protection of Copyright and Related Rights) (Amendment) (No. 2) Bill



2016 – Second Stage.

– *Senators Mark Daly, Gerry Horkan, Diarmuid Wilson.*

---

- 19.** An Bille fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (Leasú), 2017 – An Dara Céim.

National Asset Management Agency (Amendment) Bill 2017 – Second Stage.

– *Senators Rose Conway-Walsh, Paul Gavan, Pádraig Mac Lochlainn.*

---

- 20.** An Bille Sláinte agus Sábháilteachta (Aonocsaíd Charbóin), 2017 – An Dara Céim.  
Health and Safety (Carbon Monoxide) Bill 2017 – Second Stage.

– *Senators Keith Swanick, Diarmuid Wilson, Robbie Gallagher, Jennifer Murnane O'Connor.*

---

- 21.** An Bille Toghcháin (Leasú) (Cearta Vótála do Chónaitheoirí), 2017 – An Dara Céim.  
Electoral (Amendment) (Voting Rights for Residents) Bill 2017 – Second Stage.

– *Senators Fintan Warfield, Niall Ó Donnghaile, Máire Devine.*

---

- 22.** Bille na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (Leasú), 2017 – An Dara Céim.  
Regional Technical Colleges (Amendment) Bill 2017 – Second Stage.

– *Senators Paddy Burke, Michelle Mulherin, John O'Mahony.*

---

- 23.** An Bille Staidrimh (Daonáireamh 1926 a Chur ar Fáil), 2017 – An Dara Céim.  
Statistics (1926 Census Release) Bill 2017 – Second Stage.

– *Senators Paul Gavan, Niall Ó Donnghaile, Fintan Warfield.*

---

- 24.** An Bille um Sheirbhís Chúirteanna (Leasú), 2017 – An Dara Céim.  
Courts Service (Amendment) Bill 2017 – Second Stage.

– *Senators Keith Swanick, Diarmuid Wilson, Gerry Horkan.*

---

- 25.** An Bille Ealaíon (Dínit ag an Obair) (Leasú) (Uimh. 2), 2018 – An Dara Céim.  
Arts (Dignity at Work) (Amendment) (No. 2) Bill 2018 – Second Stage.

– *Senators Fintan Warfield, Rose Conway-Walsh, Máire Devine, Paul Gavan, Pádraig Mac Lochlainn, Niall Ó Donnghaile.*

---

- 26.** An Bille Caidrimh Thionscail (Comhghníomhaíocht), 2018 – An Dara Céim.  
Industrial Relations (Collective Action) Bill 2018 – Second Stage.

– *Senators Paul Gavan, Niall Ó Donnghaile, Fintan Warfield.*

---

- 27.** An Bille Craolacháin (Leasú), 2018 – An Dara Céim.  
Broadcasting (Amendment) Bill 2018 – Second Stage.

– *Senators Fintan Warfield, Paul Gavan, Niall Ó Donnghaile.*

- 
- 28.** An Bille Carthanas (Cearta an Duine), 2018 – An Dara Céim.  
Charities (Human Rights) Bill 2018 – Second Stage.  
– *Senators Paul Gavan, Máire Devine, Fintan Warfield.*
- 
- 29.** An Bille fán nGníomhaireacht um Shábháilteacht Feirme, 2018 – An Dara Céim.  
Farm Safety Agency Bill 2018 – Second Stage.  
– *Senators Paul Daly, Robbie Gallagher, Diarmuid Wilson.*
- 
- 30.** An Bille um an Rosc Náisiúnta, 2019 – An Dara Céim.  
National Anthem Bill 2019 – Second Stage.  
– *Senators Mark Daly, Jennifer Murnane O’Connor, Paul Daly.*
- 
- 31.** An Bille um an Earnáil Phoiblí (Teanga Shoiléir), 2019 – An Dara Céim.  
Public Sector (Plain Language) Bill 2019 – Second Stage.  
– *Senators Aodhán Ó Ríordáin, Ivana Bacik, Kevin Humphrey, Gerald Nash.*
- 
- 32.** An Bille um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) (Leasú), 2019 – An Dara Céim.  
Criminal Justice (Public Order) (Amendment) Bill 2019 – Second Stage.  
– *Senators Robbie Gallagher, Lorraine Clifford-Lee, Diarmuid Wilson.*
- 
- 33.** An Bille Sláinte (Díolúine ó Mhuirir d’Othair Shíciatracha Ainneonacha) (Leasú), 2019 – An Dara Céim.  
Health (Exemption of Charges for Involuntary Psychiatric Patients) (Amendment) Bill 2019 – Second Stage.  
– *Senators Máire Devine, Fintan Warfield, Paul Gavan, Niall Ó Donnghaile, Rose Conway-Walsh, Pádraig Mac Lochlainn.*
- 
- 34.** An Bille um Dhrugaí Rialaithe agus um Dhochar a Laghdú, 2017 – An Dara Céim (*atógáil*).  
Controlled Drugs and Harm Reduction Bill 2017 – Second Stage (*resumed*).  
– *Senators Lynn Ruane, Aodhán Ó Ríordáin, Colette Kelleher, Alice-Mary Higgins, Grace O’Sullivan, John Dolan, Frances Black, David Norris, Michael McDowell, Gerard P. Craughwell, Victor Boyhan, Billy Lawless, Joan Freeman, Brian Ó Domhnaill, Ivana Bacik, Ged Nash, Kevin Humphreys.*

*Leasú ar an Tairiscint don Dara Léamh:  
Amendment to Motion for Second Reading:*

1. To delete all words after “That” and substitute the following:

“Seanad Éireann declines to give the Bill a second reading in view of the fact that:

- the Steering Committee mandated to develop a new National Drugs Strategy is

expected to submit its final report shortly;

- this report is expected to provide advice on an approach which would enable the case for a change in policy in relation to the current legislative regime that applies to simple possession offences to be examined.”

– *Senator Jerry Buttimer.*  
[30<sup>th</sup> May, 2017]

- 
- 35.** An Bille um Chomharchumann Tithíochta Náisiúnta, 2017 – An Dara Céim (*atógáil*).  
National Housing Co-operative Bill 2017 – Second Stage (*resumed*).  
– *Senators David Norris, Gerard P. Craughwell, Victor Boyhan.*
- 
- 36.** An Bille Sláinte (Leasú) (Cúram Baile Gairmiúil), 2016 – Ordú don Choiste.  
Health (Amendment) (Professional Home Care) Bill 2016 – Order for Committee.  
– *Senators Colm Burke, Neale Richmond, Maura Hopkins.*
- 
- 37.** An Bille um Ghairmithe Sláinte Criticiúla, 2017 – Ordú don Choiste.  
Critical Health Professionals Bill 2017 – Order for Committee.  
– *Senators Keith Swanick, Mark Daly, Robbie Gallagher.*
- 
- 38.** An Bille Inimirce (Athchóiriú) (Stádas Cónaithe a Thabhairt chun Rialtachta), 2016 – Ordú don Choiste.  
Immigration (Reform) (Regularisation of Residency Status) Bill 2016 – Order for Committee.  
– *Senators David Norris, Victor Boyhan, Gerard P. Craughwell.*
- 
- 39.** An Bille um an Seanad, 2016 – An Coiste.  
Seanad Bill 2016 – Committee.  
– *Senators Michael McDowell, Frances Black, Victor Boyhan, Gerard P. Craughwell, John Dolan, Alice-Mary Higgins, Rónán Mullen, Grace O'Sullivan, Lynn Ruane.*
- 
- 40.** An Bille um Dhúnorgain Chorparáideach (Uimh. 2), 2016 – An Coiste.  
Corporate Manslaughter (No. 2) Bill 2016 – Committee.  
– *Senators Mark Daly, Lorraine Clifford-Lee, Robbie Gallagher.*
- 
- 41.** An Bille um Chaomhnú Fostaíochta (Uaireanta Éiginnte), 2016 – An Coiste.  
Protection of Employment (Uncertain Hours) Bill 2016 – Committee.  
– *Senators Gerald Nash, Kevin Humphreys, Aodhán Ó Ríordáin.*
- 
- 42.** An Bille um Chiontuith mar gheall ar Chionta Gnéasacha Áirithe (Leithscéal a Ghabháil agus Saoradh), 2016 – An Coiste.  
Convictions for Certain Sexual Offences (Apology and Exoneration) Bill 2016 – Committee.  
– *Senators Ged Nash, Ivana Bacik, Kevin Humphreys, Aodhán Ó Ríordáin.*
-

- 43.** Bille na bPinsean (Déileáil Chomhionann i dtaca le Pinsin i Scéim Sochair Ceirde) (Leasú), 2016 – An Coiste.  
Pensions (Equal Pension Treatment in Occupational Benefit Scheme) (Amendment) Bill 2016 – Committee.  
– *Senators Ivana Bacik, Kevin Humphreys, Ged Nash, Aodhán Ó Ríordáin.*
- 
- 44.** An Bille um Aosaigh a Chosaint, 2017 – An Coiste.  
Adult Safeguarding Bill 2017 – Committee.  
– *Senators Colette Kelleher, Lorraine Clifford-Lee, Frances Black, Alice-Mary Higgins, Jerry Buttimer, Victor Boyhan, John Dolan, Lynn Ruane, Ivana Bacik, Marie-Louise O'Donnell.*
- 
- 45.** An Bille um Inscne a Aithint (Leasú), 2017 – An Coiste.  
Gender Recognition (Amendment) Bill 2017 – Committee.  
– *Senators Fintan Warfield, David Norris, Grace O'Sullivan.*
- 
- 46.** An Bille um Thruaillíú ó Bhruscar (Leasú), 2017 – An Coiste.  
Litter Pollution (Amendment) Bill 2017 – Committee.  
– *Senators Catherine Ardagh, Jennifer Murnane O'Connor, Ned O'Sullivan, Aidan Davitt, Robbie Gallagher and Gerry Horkan.*
- 
- 47.** An Bille um Údarás na Gaeltachta (Leasú), 2017 – An Coiste.  
Údarás na Gaeltachta (Amendment) Bill 2017 – Committee.  
– *Senators Niall Ó Donnghaile, Paul Gavan.*
- 
- 48.** An Bille Cosanta (Suaitheantas Liopa Iarshaighdiúra), 2017 – An Coiste.  
Defence (Veterans Lapel Badge) Bill 2017 – Committee.  
– *Senators Gerard P. Craughwell, Victor Boyhan, Pádraig Ó Céidigh.*
- 
- 49.** An Bille um Threalamh Tarrthála Beatha, 2017 – An Coiste.  
Life Saving Equipment Bill 2017 – Committee.  
– *Senators Paul Daly, Robbie Gallagher, Keith Swanick, Diarmuid Wilson.*
- 
- 50.** An Bille um Thoirmeasc ar Theiripí Tiontúcháin, 2018 – An Coiste.  
Prohibition of Conversion Therapies Bill 2018 – Committee.  
– *Senators Fintan Warfield, Niall Ó Donnghaile, Rose Conway-Walsh, Paul Gavan, Pádraig Mac Lochlainn, Ivana Bacik, Kevin Humphreys, David Norris, Aodhán Ó Ríordáin, Victor Boyhan, Gerard P. Craughwell, Joan Freeman, Frances Black, Alice-Mary Higgins, Colette Kelleher, Grace O'Sullivan, Lynn Ruane, Jerry Buttimer, Catherine Ardagh, Máire Devine.*
- 
- 51.** An Bille um an Dlí Sibhialta (Costais i Nithe a bhaineann le Probháid), 2017 – An Coiste.  
Civil Law (Costs in Probate Matters) Bill 2017 – Committee.

– *Senators Victor Boyhan, Billy Lawless, Michael McDowell, Brian Ó Domhnaill.*

---

- 52.** An Bille um Chuntasacht Rialtais Áitiúil, 2018 – An Coiste.  
Local Government Accountability Bill 2018 – Committee.  
– *Senators Brian Ó Domhnaill, Diarmuid Wilson, Victor Boyhan, Gerard P. Craughwell.*
- 

- 53.** An Bille um Pá Íosta Náisiúnta (Deireadh a Chur le Rátaí Pá Fo-Íosta), 2017 – An Coiste.  
National Minimum Wage (Removal of Sub-minimum Rates of Pay) Bill 2017 – Committee.  
– *Senators Paul Gavan, Lynn Ruane, Fintan Warfield.*
- 

- 54.** An Bille um Ligin Ghearrthearma, 2018 – An Coiste.  
Short-term Lettings Bill 2018 – Committee.  
– *Senators Kevin Humphreys, Ivana Bacik, Gerald Nash.*
- 

- 55.** An Bille Oideachais (Feistí Digiteacha i Scoileanna), 2018 – An Coiste.  
Education (Digital Devices in Schools) Bill 2018 – Committee.  
– *Senators Gerard P. Craughwell, Victor Boyhan, Billy Lawless.*
- 

- 56.** An Bille Meabhair-Shláinte (Cumas Toiliú le Cóireáil), 2018 – An Coiste.  
Mental Health (Capacity to Consent to Treatment) Bill 2018 – Committee.  
– *Senators Máire Devine, Lynn Ruane, Frances Black, Grace O'Sullivan, Joan Freeman, Pádraig Mac Lochlainn, Fintan Warfield, Paul Gavan, Rose Conway-Walsh, Niall Ó Donnghaile.*
- 

- 57.** Bille Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann (Eadóirsiú Mionaoiseach a Rugadh in Éirinn), 2018 – An Coiste.  
Irish Nationality and Citizenship (Naturalisation of Minors Born in Ireland) Bill 2018 – Committee.  
– *Senators Ivana Bacik, Kevin Humphreys, Gerald Nash, Aodhán Ó Ríordáin.*
- 

- 58.** An Bille um Chosaint Dhigiteach do Leanaí, 2018 – An Coiste.  
Children's Digital Protection Bill 2018 – Committee.  
– *Senators Joan Freeman, Victor Boyhan, Brian Ó Domhnaill, Pádraig Ó Céidigh, Michael McDowell.*
- 

- 59.** An Bille um Gharchabhair agus Meabhairshláinte i Scoileanna (Oiliúint Tosaigh ar Mhúinteoirí), 2018 – An Coiste.  
First Aid and Mental Health in Schools (Initial Teacher Training) Bill 2018 – Committee.  
– *Senators Robbie Gallagher, Diarmuid Wilson, Keith Swanick.*
- 

- 60.** An Bille um Gharchabhair agus Meabhairshláinte i Scoileanna (Múinteoirí Reatha), 2018 –

An Coiste.

First Aid and Mental Health in Schools (Existing Teachers) Bill 2018 – Committee.

– *Senators Robbie Gallagher, Diarmuid Wilson, Keith Swanick.*

---

**61.** An Bille um Cheartas Coiriúil (Tréimhsí Athshlánúcháin), 2018 – An Coiste.

Criminal Justice (Rehabilitative Periods) Bill 2018– Committee.

– *Senators Lynn Ruane, Frances Black, Collette Kelleher, John Dolan, Alice-Mary Higgins, Grace O’Sullivan.*

---

**62.** An Bille um Dhliteanas Sibhialta (Damáistí Ginearálta a Uasteorannú), 2019 – An Coiste.  
Civil Liability (Capping of General Damages) Bill 2019 – Committee.

– *Senators Anthony Lawlor, Neale Richmond, Tim Lombard, John O’Mahony, Maura Hopkins, Ray Butler, Gabrielle McFadden, Paddy Burke, James Reilly, Jerry Buttimer, Maria Byrne, Martin Conway, Joe O’Reilly, Paul Coghlan, Michelle Mulherin, Frank Feighan, Paudie Coffey, Kieran O’Donnell.*

---

**63.** An Bille um Údaráis Phoiblí agus Gnóthais Fóntais (Conarthaí a Ullmhú agus Critéir Dhámhachtana), 2019 – An Coiste.

Public Authorities and Utility Undertakings (Contract Preparation and Award Criteria) Bill 2019 – Committee.

– *Senators Alice-Mary Higgins, Frances Black, John Dolan, Colette Kelleher, Lynn Ruane.*

---

**64.** (l) An Bille Toghcháin (Leasú) (Vótáil ag Aois 16), 2016 – An Coiste (*atógáil, alt 3*).

(a) Electoral (Amendment) (Voting at 16) Bill 2016 – Committee (*resumed, section 3*).

– *Senators Fintan Warfield, Pádraig Mac Lochlainn, Lynn Ruane.*

---

**65.** An Bille um Chaomhnú Fostaíochta (Bearta chun Cur i gCoinne Bréag-Fhéinfhostaíochta), 2018 – Ordú don Tuarascáil.

Protection of Employment (Measures to Counter False Self-Employment) Bill 2018 – Order for Report.

– *Senators Gerald Nash, Ivana Bacik, Kevin Humphreys, Aodhán Ó Ríordáin.*

---

**66.** An Bille um Chultúr agus Stair an Lucht Siúil san Oideachas, 2018 – An Tuarascáil.  
Traveller Culture and History in Education Bill 2018 – Report Stage.

– *Senators Colette Kelleher, Lynn Ruane, Grace O’Sullivan.*

---

**67.** An Bille um Pá Íosta Náisiúnta (Séisíní Fostaithe a Chosaint), 2017 – An Tuarascáil.

National Minimum Wage (Protection of Employee Tips) Bill 2017 – Report Stage.

– *Senators Paul Gavan, Fintan Warfield.*

---

**68.** An Bille um Mionnú Éithigh agus Cionta Gaolmhara, 2018 – An Tuarascáil.  
Perjury and Related Offences Bill 2018 – Report Stage.

– Senators Pádraig Ó Céidigh, Victor Boyhan, Ian Marshall, Michael McDowell.

*Tairiscint:*

*Motion:*

**69.** “Go ndéanann Seanad Éireann:

- a thabhairt dá aire an Tuarascáil ón gComhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach, dar teideal ‘Idirghabháil le Cistí Infheistíochta’ ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Sheanad Éireann an 15 Márta 2018;
- a thabhairt dá aire iarrachtaí leanúnacha gan rath an Chomhchoiste dul i mbun idirghabháil le cistí infheistíochta príobháideacha neamhrialáilte agus le gnólachtaí seirbhíse creidmheasa rialáilte agus gurb oth leis seasamh na n-eintiteas seo agus cuirí ón gComhchoiste láithriú ag éisteachtaí de chuid an Chomhchoiste agus a bheith cuntasach don Pharlaimint á ndiúltú acu;
- aitheantas a thabhairt do thacaíocht Ghobharnóir Bhanc Ceannais na hÉireann ag éileamh go bhfreastalóidh na cistí infheistíochta príobháideacha neamhrialáilte agus na gnólachtaí seirbhíse creidmheasa rialáilte ag an gComhchoiste ar an mbonn go bhfuil ‘freagracht shóisialta ar ghnólachtaí a bhfuil ról suntasach acu i ngeilleagar na hÉireann cuntas a thabhairt orthu féin os comhair an Choiste’;
- a thabhairt dá aire an fhaisnéis a sholáthair an Roinn Airgeadais ina dtugtar mionsonraí i dtaobh an leibhéil idirghabhála le tionscal na gcistí ó 2013 go 2016 agus ina dtugtar mionsonraí i dtaobh thart ar 125 chruinniú iomchuí a seoladh, rud a léiríonn an leibhéal idirghníomhaíochta a bhí ann idir tionscal na gcistí agus an Roinn thar na blianta sin;

That Seanad Éireann:

- notes the Report of the Joint Committee on Finance, Public Expenditure and Reform, and Taoiseach entitled ‘Engagement with Investment Funds’, copies of which were laid before Seanad Éireann on 15th March, 2018;
- notes the continuing, unsuccessful efforts of the Joint Committee to engage with unregulated private investment funds and regulated credit service firms and regrets the position of these entities in declining invitations from the Joint Committee to attend hearings of the Joint Committee and to be accountable to Parliament;
- acknowledges the support of the Governor of the Central Bank of Ireland in calling for the unregulated private investment funds and regulated credit service firms to attend at the Joint Committee on the basis that ‘firms with a serious role in the Irish economy have a social responsibility to account for themselves before the Committee’;
- notes the information provided by the Department of Finance detailing the level of engagement with the funds industry from 2013 to 2016 detailing approximately 125 relevant meetings held, thus demonstrating the level of interaction between the funds industry and the Department over those years;

- a iarraidh ar an Rialtas na moltaí atá i míreanna 17 agus 18 den Tuarascáil a chur i gníomh, eadhon:
  - scor de gach idirghabháil le cistí infheistíochta príobháideacha neamhrialáilte agus le gnólachtaí seirbhíse creidmheasa rialáilte go dtí go mbeidh na heintitis sin cuntasach don Pharlaimint; agus
  - reachtaíocht a thabhairt isteach chun gach eintiteas neamhrialáilte atá ag oibriú i margadh morgáistí na hÉireann a rialáil d'fhonn tomhaltóirí Éireannacha a chosaint.
- calls on the Government to implement the recommendations contained in paragraphs 17 and 18 of the Report, namely:
  - to cease all engagement with unregulated private investment funds and regulated credit service firms until these entities are accountable to Parliament; and
  - to introduce legislation for the regulation of all unregulated entities operating in the Irish mortgage market in order to protect Irish consumers.”.

– *Senator Gerry Horkan,*

*Vice-Chairman of the Joint Committee on Finance, Public Expenditure and Reform, and Taoiseach.*

**[30<sup>th</sup> May, 2018]**

*Tairiscint:*

*Motion:*

**70.** “Go dtugann Seanad Éireann dá aire an Tuarascáil ón gComhchoiste um Leanaí agus Gnóthaí Óige dar teideal ‘Dul i ngleic le hOtracht Óige’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Sheanad Éireann an 14 Samhain 2018.

That Seanad Éireann notes the Report of the Joint Committee on Children and Youth Affairs entitled ‘Tackling Childhood Obesity’, copies of which were laid before Seanad Éireann on 14<sup>th</sup> November, 2018.”

– *Senator Jerry Buttimer*

**[14<sup>th</sup> February, 2018]**

*Tairiscint:*

*Motion:*

**71.** “Go dtugann Seanad Éireann dá aire an Tuarascáil ón gComhchoiste um Thalmhaíocht, Bia agus Muir dar teideal ‘Todhchaí na hEanála Curaíochta in Éirinn’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Sheanad Éireann an 22 Samhain 2017.

That Seanad Éireann notes the Report of the Joint Committee on Agriculture, Food and the Marine entitled ‘Future of the Tillage Sector in Ireland’, copies of which were laid before Seanad Éireann on 22<sup>nd</sup> November, 2017.”

– *Senator Jerry Buttimer.*

**[12<sup>th</sup> March, 2019]**

*Tairiscint:*

*Motion:*

**72.** “Go dtugann Seanad Éireann dá aire

That Seanad Éireann notes the Report



an Tuarascáil ó Choiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid dar teideal ‘Tuarascáil maidir le Stádas an Roisc Náisiúnta, leis an gCaoi a nDéileáiltear leis agus lena Úsáid’, a leagadh faoi bhráid Sheanad Éireann an 17 Iúil 2018.

of the Seanad Public Consultation Committee entitled ‘Report on the Status, Treatment and Use of the National Anthem’, which was laid before Seanad Éireann on 17<sup>th</sup> July, 2018.”

– *Senator Paul Coghlan,*  
*Chairman of the Seanad Public Consultation Committee.*  
**[12<sup>th</sup> March, 2019]**

*Tairiscint:*

*Motion:*

